AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.9.2024
COM(2024) 406 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

An chéad tuarascáil ar chur chun feidhme na bpleananna ilbhliantúla don Mhuir Thuaidh agus d'Uiscí an Iarthair agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, agus ar tharmligean na gcumhachtaí arna dtabhairt don Choimisiún leis na pleananna ilbhliantúla sin agus leis an Rialachán maidir le Rochtain ar an Domhainfharraige

{SWD(2024) 218 final}

Clár

1 Achoimre Feidhmiúcháin 2

2 Réamhrá 4

3 Forbairtí sna réimsí ábhartha 5

3.1 Deiseanna iascaireachta a socraíodh ó bhí 2019 agus 2020 ann 6

3.1.1 Teorainneacha 13

3.2 Stoic a bhainistítear i gcomhpháirt le stáit chósta san Atlantach Thoir Thuaidh, agus go háirithe, leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Iorua in iascach measctha 15

3.3 Réadúlacht an iascaigh mheasctha sa Mhuir Thuaidh agus in Uiscí an Iarthair 15

3.3.1 Kattegat 16

3.3.2 Samplaí den Mhuir Cheilteach 17

3.4 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCás C-330/22 18

4 Cur chuige bunaithe ar éiceachórais 19

5 Oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír 19

6 Comhar réigiúnach 20

7 Forbairt shocheacnamaíoch 21

7.1 An Mhuir Thuaidh 21

7.2 Uiscí an Iarthuaiscirt 21

7.3 Uiscí an Iardheiscirt 21

8 Tarmligean na gcumhachtaí arna dtabhairt don Choimisiún le pleananna ilbhliantúla na Mara Thuaidh agus Uiscí an Iarthair agus leis an Rialachán maidir le Rochtain ar an Domhainfharraige 22

9 Gluais 23

1 ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Le cur chun feidhme na bpleananna ilbhliantúla don Mhuir Thuaidh agus d'Uiscí an Iarthair, de Rialacháin (AE) 2018/973 agus 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], rannchuidíodh leis an mbrú iascaireachta a laghdú.

Is **uirlis chabhrach iad na pleananna ilbhliantúla chun an Comhbheartas Iascaigh (CBI) a chur chun feidhme**[2], go háirithe chun deiseanna iascaireachta a shocrú. Leagtar amach iontu rialacha maidir le bainistiú iascaigh atá oiriúnaithe go réigiúnach. I gcás stoic éisc a bhfuil measúnú ar mhórán sonraí (nó uastáirgeacht inbhuanaithe (MSY)) acu, ceadaítear leis na pleananna ilbhliantúla uasteorainneacha a úsáid agus gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) á socrú, rud a thugann **solúbthacht do stoic níos sláintiúla.** I gcás stoc a bhfuil an oiread sin éisc acu san fharraige go bhfuil siad faoi bhun íosleibhéil chontúirteacha, cruthaítear **líontán sábhála** leis na pleananna ilbhliantúla.

Measann an Coimisiún go raibh **cinntí áirithe a rinne an Chomhairle maidir le stoic a raibh ar an gComhairle TACanna a laghdú ina leith agus bearta feabhais breise a dhéanamh ina leith,** indéanta **a bhuí leis an** gcreat a chuir na **pleananna ilbhliantúla i bhfeidhm ina raibh líontán sábhála agus solúbthacht le chéile.** Gan plean ilbhliantúil a bheith i bhfeidhm, d'fhéadfadh sé a bheith deacair don Chomhairle teacht ar chomhaontú maidir le bearta feabhais chun stoic laga a athbhunú agus is dócha go socrófaí TACanna ar leibhéal níos airde den chuid is mó. Leis na pleananna ilbhliantúla, áirithíodh go ndéantar na hiascaigh uile a bhainistiú i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe sa lá atá inniu ann nó go gcuirtear bearta feabhais i bhfeidhm chun iad a thabhairt ar ais go dtí an uastáirgeacht inbhuanaithe. Ní féidir ach stoic níos sláintiúla a bheith mar bhonn do bhrabúsacht fhadtéarmach thionscal na hiascaireachta agus na n-earnálacha coimhdeacha. Leis na pleananna ilbhliantúla, soláthraíodh solúbthacht freisin do stoic níos sláintiúla trí úsáid uasraon F_{MSY} a cheadú faoi choinníollacha áirithe.

Is é conclúid an Choimisiúin go **soláthraítear leis na pleananna ilbhliantúla ionstraim chobhsaí fhadtéarmach chun CBI a chur chun feidhme** sa Mhuir Thuaidh agus in Uiscí an Iarthair ós rud é **gur lú an éiginnteacht a bhaineann leo agus TACanna á socrú**, go n-áirithítear leo go nglacfar **bearta feabhais le haghaidh stoic atá faoi bhrú** (lena n-áirítear i gcás dúnadh iascaireachta), go mbeidh an **próiseas lena socraítear gábhálacha iomlána inbhuanaithe níos trédhearcaí** do pháirtithe leasmhara agus do Bhallstáit an Aontais, agus

[1] Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 676/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle (IO L 179, 16.7.2018, lch. 1).

Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic a dhéantar a iascach in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus d'iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle (IO L 83, 25.3.2019, lch. 1).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

go mbeidh tionscal na hiascaireachta in ann a n-iascach a phleanáil ar bhealach níos fearr.

2 RÉAMHRÁ

Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na pleananna ilbhliantúla do stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus do stoic ghrinnill agus dhomhainfharraige in Uiscí an Iarthair in 2018[3] agus in 2019[4] faoi seach. Tugtar sa tuarascáil seo an chéad fhorbhreathnú ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na stoic agus an t-iascach a shaothraíonn na stoic sin. Cumhdaítear sa tuarascáil seo freisin an oibleagáid tuairiscithe maidir le tarmligean na gcumhachtaí a thugtar don Choimisiún le hAirteagal 16 de Phlean Ilbhliantúil na Mara Thuaidh, Airteagal 18 de Phlean Ilbhliantúil Uiscí an Iarthair, agus Airteagal 17 den 'Rialachán maidir le Rochtain ar an Domhainfharraige '[5].

Is é sprioc fhoriomlán na bpleananna ilbhliantúla cuidiú le cuspóirí an chomhbheartais iascaigh (CBI) agus Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an 'Bunrialachán') a bhaint amach[6], agus bonn eacnamaíoch na n-iascairí a fheabhsú chun borradh a chur faoina n-ioncam agus faoina gcuideachtaí. Cuidíonn na pleananna ilbhliantúla lena áirithiú gur féidir leanúint den iascaireacht agus go bhfanfaidh stoic éisc os cionn na leibhéal lenar féidir an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh. Cuidíonn na pleananna ilbhliantúla freisin le deireadh a chur le hábhar muirí aischurtha trí ghabhálacha de thaisme a laghdú agus trí chur chuige bunaithe ar éiceachórais a chumasú maidir le bainistiú iascaigh. Cumhdaítear leis na pleananna ilbhliantúla an scabaird dhubh, an gránádóir cruinnsocach, an doingean mara, an trosc, an scoilteán, an láimhíneach, an chadóg, an faoitín, an colmóir, an langa gorm, gliomach na hIorua, an deargán, an leathóg, an mangach, an sól, an glasán agus an séacla Artach. Bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil, bunaítear leis na pleananna ilbhliantúla an spriocbhásmhaireacht iascaireachta le raonta uasta agus íosta F_{MSY}[7], atá comhsheasmhach le huastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint

[3] Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 676/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle (IO L 179, 16.7.2018, lch. 1).

[4] Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic a dhéantar a iascach in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus d'iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle (IO L 83, 25.3.2019, lch. 1).

[5] Rialachán (AE) 2016/2336 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 lena mbunaítear coinníollacha sonracha maidir le stoic dhomhainfharraige a iascach san Atlantach Thoir Thuaidh agus forálacha maidir le hiascaireacht i bhfarraigí idirnáisiúnta an Atlantaigh Thoir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2347/2002 ón gComhairle (IO L 354, 23.12.2016, lch. 1).

[6] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

[7] ciallaíonn 'raon F_{MSY}' raon luachanna a chuirtear ar fáil leis an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil, go háirithe comhairle eolaíoch ó ICES, nó ó chomhlacht eolaíoch neamhspleách den chineál céanna atá aitheanta ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta, ina bhfuil uastáirgeacht inbhuanaithe (MSY) fhadtéarmach ann mar thoradh ar gach leibhéal básmhaireachta iascaireachta laistigh den raon sin bunaithe ar phatrún iascaireachta agus faoi mheándálaí comhshaoil reatha gan difear mór a dhéanamh don phróiseas atáirgthe do na stoic éisc lena mbaineann. Ceaptar an raon sin chun laghdú nach mó ná 5 % i dtáirgeacht fhadtéarmach a dhéanamh i gcomparáid le MSY. Cuirtear uasteorainn leis ionas nach mó ná 5 % an dóchúlacht go dtitfidh an stoc faoin bpointe tagartha teorann do bhithmhais stoic sceite (Blim), mar a shainítear in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2019/472 agus in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2018/973.

amach. Leis na pleananna ilbhliantúla, cumhachtaítear an Coimisiún freisin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir le stoic foghabhála, díolúintí ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír agus bearta teicniúla.

Cuireadh na pleananna ilbhliantúla i bhfeidhm den chéad uair le haghaidh an tséasúir iascaireachta dar tús an 1 Eanáir 2019 maidir le stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus le haghaidh an tséasúir dar tús an 1 Eanáir 2020 maidir le stoic ghrinnill agus dhomhainfharraige in Uiscí an Iarthair.
Maidir leis na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2020, socraíodh 62 as an 78 ngabháil iomlán incheadaithe (TACanna) i gcomhréir le F_{MSY}[8]. Dá bhrí sin, maidir leis na gabhálacha i Muir Bhailt, sa Mhuir Thuaidh agus san Atlantach a thabharfar i dtír agus atá á mbainistiú go heisiach ag an Aontas, tháinig níos mó ná 99 % díobh in 2020 ó iascaigh a ndéantar bainistiú inbhuanaithe orthu[9]. Lean an líon gabhálacha iomlána incheadaithe arna mbainistiú faoin dá phlean ilbhliantúla agus arna socrú i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe agus leis an gcomhairle réamhchúraim de bheith ag méadú idir 2019 agus 2024.

3 FORBAIRTÍ SNA RÉIMSÍ ÁBHARTHA

Cuirtear i láthair sa chéad tuarascáil seo forbairtí i gcur chun feidhme réimsí ábhartha na bPleananna Ilbhliantúla agus tá sí bunaithe ar an méid seo a leanas:

(1) comhairliúchán spriocdhírithe;[10]

(2) an chomhairle is déanaí ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) maidir leis na stoic ábhartha sa Mhuir Thuaidh agus in Uiscí an Iarthair[11];

(3) na measúnuithe eolaíocha is déanaí ón gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) maidir le bearta arna sainaithint ag na Ballstáit chun an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur chun feidhme[12];

---

[8] Is é 'F_{MSY}' luach an ráta básmhaireachta iascaireachta measta atá bunaithe ar phatrún iascaireachta agus faoi mheándálaí comhshaoil reatha agus is é a thugann an uastáirgeacht inbhuanaithe fhadtéarmach.

[9] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. I dtreo iascaireacht níos inbhuanaithe san Aontas Eorpach: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2021 (SWD(2020) 112 final), lch. 2.

[10] Chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara amhail Grúpa Bhallstáit na Mara Thuaidh (Grúpa Scheveningen), Grúpa Bhallstáit Uiscí an Iarthuaiscirt, Grúpa Bhallstáit Uiscí an Iardheiscirt, Comhairle Chomhairleach na Mara Thuaidh, Comhairle Chomhairleach Uiscí an Iarthuaiscirt, Comhairle Chomhairleach Uiscí an Iardheiscirt, an Chomhairle Chomhairleach Pheiligeach agus an Chomhairle Chomhairleach Fadraoin, an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara, a d'fhreagair nach bhféadfaidís páirt a ghlacadh i suirbhé den sórt sin, An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach, na comhfhreagraithe Náisiúnta agus cathaoirligh na nGrúpaí um Chomhordú Réigiúnach (Creat um Bailiú Sonraí), Grúpa Saineolaithe an Choimisiún um Iascach agus Dobharshaothrú, *attachés* Iascaigh, saineolaithe de chuid na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí, an sainghrúpa Muirí.

[11] Ar fáil ag https://www.ices.dk/advice/Pages/Latest-Advice.aspx.

[12] An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) - Meastóireacht ar an Meastóireacht ar mholtaí comhpháirteacha maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, na bearta teicniúla agus na bearta caomhnúcháin is gá chun oibleagáidí faoi reachtaíocht chomhshaoil an Aontais a chomhlíonadh (CETEI-24-04). Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2024, https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/d/stecf/stecf_24-04_review-jrs-on-lo-tm-and-cm.

(4) an chéad agus an dara tuarascáil[13] ar chur chun feidhme an Rialacháin maidir le Bearta Teicniúla;[14] agus

(5) faisnéis arna sealbhú ag an gCoimisiún.

Tá sé d'aidhm aici teacht ar chonclúidí tar éis 5 agus 4 bliana de chur chun feidhme Phleananna Ilbhliantúla na Mara Thuaidh agus Uiscí an Iarthair.

Dírítear sa tuarascáil ar na forbairtí ó 2019 agus 2020 faoi seach i gcúig phríomhréimse, is iad sin: (i) deiseanna iascaireachta ó bhí 2019 agus 2020 ann; (ii) forbairtí i gcur chun feidhme na gcomhairliúchán maidir leis na pleananna ilbhliantúla idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, idir an tAontas Eorpach agus an Iorua agus idir an tAontas Eorpach, an Iorua agus an Ríocht Aontaithe; (iii) ceisteanna maidir le hiascach measctha sa Mhuir Thuaidh agus in Uiscí an Iarthair; agus (iv) forbairtí/ceisteanna socheacnamaíocha.

Tá faisnéis maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír agus le híoslaghdú na ngabhálacha de thaisme, an cur chuige bunaithe ar éiceachórais i leith bainistiú iascaigh, agus comhar réigiúnach faoin mbeartas um réiginiú le fáil sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo (SWD (2024) 218 final).

3.1 DEISEANNA IASCAIREACHTA A SOCRAÍODH Ó BHÍ 2019 AGUS 2020 ANN

Tugtar tuairisc sa roinn seo ar na forbairtí i roinnt stoic éisc agus iascaigh. Sna graif i bhfíoracha 1 agus 2 léirítear forbairtí a tharla i stoic éisc a ndéantar a mbainistiú a chomhroinnt leis an Ríocht Aontaithe, agus a bhí á mbainistiú ag an Aontas amháin roimh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas an 31 Eanáir 2020. Cumhdaítear leis na graif freisin stoic áirithe a gcomhroinntear a mbainistíocht leis an Iorua. Bhí éagsúlacht sa chomhairle a fuarthas ó ICES i gcaitheamh na mblianta. I gcás stoic áirithe a fuair 'comhairle réamhchúraim' roimhe seo, fuair an Coimisiún 'comhairle maidir leis an MSY', agus i gcás stoic eile a fuair comhairle maidir leis an MSY roimhe sin, sholáthair ICES comhairle réamhchúraim. I gcás na stoc a bhí faoi bhainistiú an Aontais leis féinin 2020, socraíodh gach ceann de na trí dheis iascaireachta ar an uastáirgeacht inbhuanaithe in Skagerrak / Kattegat / sa Mhuir Thuaidh, rud ab amhlaidh freisin in 2024.


In 2020, socraíodh gach ceann de na cúig dheis iascaireachta ar an uastáirgeacht inbhuanaithe in Uiscí an Iarthair agus in 2024, socraíodh deich gcinn den aon deis iascaireachta déag ar an

[13] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Bearta Teicniúla (Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2019/1241) (COM/2021/583 final). Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Bearta Teicniúla (Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2019/1241) (COM/2021/583 final).

[14] Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105).

uastáirgeacht inbhuanaithe. Rinneadh an méadú sin a bhuí leis na hiarrachtaí móra atá á ndéanamh ag iascairí agus ag na Ballstáit chun stoic éisc a bhainistiú.


Léirítear sa ghraf thíos (Fíor 1) an méadú ar stoic ag a bhfuil comhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe, go háirithe in 2020-2024 ó cuireadh tús le cur i bhfeidhm na bpleananna ilbhliantúla.



Fíor 1: an líon spriocstoc i bpleananna ilbhliantúla sa Mhuir Thuaidh agus i bpleananna ilbhliantúla Uiscí an Iarthair a fhaigheann comhairle agus comhairle réamhchúraim maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe ó tháinig an Bunrialachán i bhfeidhm (Foinse: sonraí a baineadh as comhairle ICES.

Léirítear sa ghraf thíos (Fíor 2) conas a d'eisigh ICES – ó cuireadh an Bunrialachán agus an dá phlean ilbhliantúla chun feidhme – méid méadaitheach comhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe le haghaidh spriocstoic na bpleananna ilbhliantúla in Uiscí an Iardheiscirt, in Uiscí an Iarthuaiscirt agus sa Mhuir Thuaidh. Is éifeacht dhearfach amháin é sin a bhaineann leis na pleananna ilbhliantúla a bheith i bhfeidhm ós rud é gur sprioc choiteann anois é feabhas a chur ar chomhairle eolaíoch, go háirithe maidir leis na spriocstoic faoi na pleananna ilbhliantúla, ach maidir leis na stoic foghabhála freisin. Bhíothas in ann feabhas den sórt sin a dhéanamh freisin a bhuí le tiomantas na n-iascairí sonraí níos fearr a chur ar fáil chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas eolaíoch.


Féadfar roinnt luaineachtaí i líon foriomlán na stoc a fuair comhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe a bhrath (e.g. Uiscí an Iardheiscirt), rud a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar phróiseas tagarmhairc lena ndéantar bunús na comhairle a athbhreithniú nó a thabhairt cothrom le dáta. Mar sin féin, ar an iomlán, tá le tuiscint againn ón ngraf thíos go bhfuil méadú tagtha ar an gcomhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe le himeacht ama.



Fíor 2: céatadán na spriocstoc i bpleananna ilbhliantúla na Mara Thuaidh agus Uiscí an Iarthair (lena n-áirítear Uiscí an Iardheiscirt; Uiscí an Iarthuaiscirt; agus an Mhuir Thuaidh) a fhaigheann comhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe le himeacht ama (Foinse: sonraí a baineadh as comhairle ICES.


Sna cleachtaí lena socraítear TACanna a rinneadh ó tháinig na pleananna ilbhliantúla i bhfeidhm in 2019 agus 2020, socraíodh go leor TACanna i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe. Thairis sin, maidir le comhairle réamhchúraim, mhol an Coimisiún leibhéil TAC a d'éirigh níos gaire de réir a chéile thar na blianta, agus go háirithe ó bhí 2019 ann, do na leibhéil a mhol ICES.

Ó tháinig an Bunrialachán i bhfeidhm in 2014, tá méadú tagtha ar an líon deiseanna iascaireachta atá leagtha síos ag an gComhairle. Tá sé sin i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch maidir leis na spriocstoic faoi na pleananna ilbhliantúla (féach Fíor 3). Tá méadú leanúnach ag teacht ar an líon sin ó tháinig na Pleananna Ilbhliantúla le haghaidh 2019 agus 2020 i bhfeidhm. Roimh 2019 agus 2020, mhol an Coimisiún agus/nó chinn an Chomhairle na TACanna a shocrú os cionn na leibhéal a mholtar sa chomhairle eolaíoch le haghaidh spriocstoic áirithe comhairle réamhchúraim. Mar sin féin, tá laghdú tagtha ar an líon cásanna den sórt sin ó bhí 2020 ann agus ní tharlaíonn siad ach amháin chun tosca stocshonracha ábhartha a chur san áireamh. Léirítear sa ghraf thíos (Fíor 3) an fhorbairt sin le haghaidh na spriocstoc uile faoi phleananna ilbhliantúla na Mara Thuaidh agus Uiscí an Iarthair.




Fíor 3: an líon TACanna a socraíodh i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch (barra gorm) i gcomparáid leis na TACanna a socraíodh níos airde ná an chomhairle eolaíoch (barra flannbhuí) ó tháinig an Bunrialachán i bhfeidhm. Ní bhreithnítear ach na spriocstoic faoi phleananna ilbhliantúla na Mara Thuaidh agus Uiscí an Iarthair.

Léirítear sa ghraf thíos (Fíor 4) an chaoi ar tháinig athrú le himeacht ama ar na TACanna a socraíodh i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch ó tháinig an Bunrialachán i bhfeidhm i dtrí imchuach farraige, is iad sin: (i) an Mhuir Thuaidh; (ii) Uiscí an Iarthuaiscirt; agus (iii) Uiscí an Iardheiscirt. Ní bhreithnítear ach na spriocstoic faoi phleananna ilbhliantúla na Mara Thuaidh agus Uiscí an Iarthair.



Fíor 4: TACanna a socraíodh i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch ó tháinig an Bunrialachán i bhfeidhm sna háiteanna seo a leanas: (i) an Mhuir Thuaidh; (ii) Uiscí an Iarthuaiscirt (UIT); agus (iii) Uiscí an Iardheiscirt (UID). Ní bhreithnítear ach na spriocstoic faoi phleananna ilbhliantúla na Mara Thuaidh agus Uiscí an Iarthair.

Léirítear sa ghraf thíos (Fíor 5) gur tháinig laghdú ar an mbrú iascaireachta i gcás go leor stoc éisc ó tháinig na pleananna ilbhliantúla don Mhuir Thuaidh agus d'Uiscí an Iarthair i bhfeidhm in 2019 agus 2020. Sa lá atá inniu ann, dá bhrí sin, tá níos lú stoc faoi bhun 'Blim'[15] agus tá táscairí bithmhaise ar fáil le haghaidh níos mó stoc. Tá sé sin amhlaidh arís a bhuí le tiomantas na n-iascairí agus na mBallstát feabhas leanúnach a chur ar sholáthar sonraí a chuireann leis an bpróiseas eolaíoch.



Fíor 5: stádas na spriocstoc faoi phleananna ilbhliantúla na Mara Thuaidh agus Uiscí an Iarthair ó tháinig an Bunrialachán i bhfeidhm. Ciallaíonn SSB 'bithmhais stoic sceite'.

SAMPLAÍ D'FHORBAIRTÍ DEARFACHA

Leanann na pleananna ilbhliantúla de bheith ag rannchuidiú le forbairtí dearfacha do roinnt iascaigh, ar cuireadh tús leo le CBI athchóirithe (2013). Tháinig méadú ar leibhéil na TACanna san

[15]Ciallaíonn 'Blim' an pointe tagartha maidir le bithmhais stoic sceite dá bhforáiltear sa chomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil, [...], ar faoina bhun a d'fhéadfadh laghdú a bheith ar acmhainneacht síolraithe mar a shainmhínítear í i bpleananna ilbhliantúla na Mara Thuaidh agus Uiscí an Iarthair.

iascach sin agus le himeacht ama d'fhéadfaidís brath ar stoic níos sláintiúla (Fíor 5). I measc na bpríomhshamplaí tá: (i) gliomaigh na hIorua i Muir Éireann agus sa Mhuir Cheilteach (méadú níos mó ná 12 % idir 2020 agus 2024); (ii) faoitíní sa Mhuir Thuaidh (méadú 346 % idir 2019 agus 2024); (iii) cadóga sa Mhuir Thuaidh (méadú 250 % idir 2019 agus 2024); (iv) leathóga sa Mhuir Thuaidh (méadú beagnach 9 % idir 2019 agus 2024); v) agus cadóg in Skagerrak (méadú 250 % idir 2019 agus 2024).

Ní fhéadfaí na torthaí sin a bhaint amach gan gealltanas a bheith tugtha ag iascairí agus ag páirtithe leasmhara eile a stoic éisc a bhainistiú ar bhealach freagrach, arb é a bhfoinse ioncaim é sa deireadh. Baineadh na feabhsuithe amach freisin mar gheall ar rannpháirtíocht ghníomhach na gComhairlí Comhairleacha sa phróiseas réigiúnaithe.

Sna caibidlí thíos maidir leis an Muir Thuaidh, Skagerrak-Kattegat agus an Muir Ibéarach, tugtar forbhreathnú ar na forbairtí sna himchuacha farraige sin.

An Mhuir Thuaidh agus Skagerrak-Kattegat

Ón gcéad bhliain de chur i bhfeidhm Phlean Ilbhliantúil na Mara Thuaidh, tháinig méadú 250 % ar dheiseanna iascaireachta le haghaidh cadóg in Skagerrak agus Kattegat idir 2019 agus 2024.

An Mhuir Ibéarach agus solúbthacht raon uasta na huastáirgeachta inbhuanaithe a úsáid

In iascach measctha éisc ghil de cholmóirí deisceartacha, láimhínigh agus scoilteáin deisceartacha, d'aithin ICES gurb é an colmóir deisceartach an fachtóir teorannaithe agus measadh go raibh sé i ndea-bhail[16] (lena n-áirítear os cionn an MSY $B_{trigger)}$[17]. Chiallaigh sé sin gur comhlíonadh na coinníollacha dlíthiúla a leagtar amach in Airteagal 4(5) de phlean ilbhliantúil Uiscí an Iarthair maidir le raon uasta na uastáirgeachta inbhuanaithe a úsáid. Chun níos mó solúbthachta a thabhairt d'iascairí agus chun ligean dóibh úsáid níos fearr a bhaint as a gcuótaí le haghaidh na speiceas eile éisc ghil, mhol an Coimisiún le haghaidh 2020, 2022, 2023 agus 2024 an TAC le haghaidh colmóirí deisceartacha a shocrú in uasraon na uastáirgeachta inbhuanaithe. D'aontaigh an Chomhairle leis na tograí sin. Mar sin féin, socraíodh an TAC le haghaidh 2021 i gcomhréir leis an gcomhairle réamhchúraim. Ina dhiaidh sin, in 2022, d'fhill an TAC ar an raon uasta MSY tar éis tagarmharc a bhunú[18].

[16] ICES. 2023. Ceisteanna maidir le hiascach measctha Uiscí Ibéaracha. Sa Tuarascáil ó Choiste Comhairleach ICES, 2023. Comhairle ICES 2023, https://doi.org/10.17895/ices.advice.24212058..

ICES. 2024. An colmóir (*Merluccius merluccius*) ranna 8.c agus 9.a, an Stoc deisceartach (an Mhuir Chantabrach agus uiscí Ibéaracha an Atlantaigh). Sa Tuarascáil ó Choiste Comhairleach ICES, 2024. Comhairle ICES 2024, https://doi.org/10.17895/ices.advice.25019306..

[17]Is éard is truicearMSY B ann an leibhéal bithmhaise ar faoina bhun a dhéanfar gníomhaíocht bhainistíochta chun gur féidir stoc a atógáil os cionn an leibhéil atá in ann uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh san fhadtéarma.

[18] ICES. 2023. Ceardlann tagarmhairc maidir le láimhínigh agus colmóirí (WKANGHAKE; aschuir ó chruinniú 2022). Tuarascálacha Eolaíochta ICES. 5:17. 354 pp. https://doi.org/10.17895/ices.pub.20068997..

Ó bhí 2022 ann, tá méadú tagtha freisin ar an iomlán ar na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc ghil Ibéaraigh de láimhínigh, scoilteáin agus gliomaigh na hIorua a ghabhtar in éineacht le colmóirí deisceartacha in iascach measctha éisc ghil.

Mar chuid den chomhairliúchán a rinneadh leis na páirtithe leasmhara chun ullmhú don tuarascáil seo, dheimhnigh Coiste Náisiúnta na Fraince um Iascach Muirí agus Dobharshaothrú (Comité national des pêches maritimes et des élevages marins, CNPMEM) go gceadaítear leis na pleananna ilbhliantúla solúbthacht maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú, go háirithe in iascach measctha chun tachtadh iascaigh a sheachaint. Mar sin féin, ba chúis aiféala don Choiste nár úsáideadh an tsolúbthacht le linn TAC agus cuótaí a bheith á socrú sa Chomhairle. Bheadh Comhairle Chomhairleach Uiscí an Iardheiscirt (SWWAC) i bhfabhar úsáid níos leithne a bhaint as raonta uastáirgeachta inbhuanaithe ar chúiseanna eacnamaíocha. Creideann roinnt eolaithe a thug freagra ar an gcomhairliúchán go bhfuil an éifeacht neodrach agus gur cheart F_{MSY} ('pointe MSY') a bheith mar chuspóir chun an TAC a shocrú seachas raonta MSY.

Mheas CNPMEM, Comhairle Chomhairleach Uiscí an Iarthuaiscirt (NWWAC), Grúpa Bhallstáit Uiscí an Iarthuaiscirt, beirt chomhaltaí de CETEI agus den grúpa comhordaithe réigiúnach um bailiú sonraí gur chuidigh cur chun feidhme phleananna ilbhliantúla na Mara Thuaidh agus Uiscí an Iarthair leis an líon TACanna a bhainistítear i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe a mhéadú.

Measann an Coimisiún go bhfuil roinnt solúbthachta curtha ar fáil ag rialacha an phlean ilbhliantúil maidir le stoic a bhainistiú a bhfuil raonta curtha ar fáil ina leith. Sampla maith is ea colmóirí deisceartacha i mBá na Bioscáine agus i Muir na hIbéire a chuirtear i láthair thuas. Ag freagairt do thuairim CNPMEM, ar mhaith leo níos mó solúbthachta a fheiceáil i gcaibidlíocht na Comhairle, chuir an Coimisiún in iúl go mbaineann sé leas iomlán cheana féin as an tsolúbthacht a thugann na pleananna ilbhliantúla le haghaidh na gcásanna uile in imchuach Mhuir an Atlantaigh ina thograí maidir le deiseanna iascaireachta. Is é sin le rá, moltar na TACanna uile ar phointe na huastáirgeachta inbhuanaithe, nó i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha dlíthiúla, molann an Coimisiún an TAC ar uasleibhéal na huastáirgeachta inbhuanaithe.

3.1.1 TEORAINNEACHA

IASCACH BHÁ NA BIOSCÁINE

Leis an mbainistiú inbhuanaithe a dhéanann iascairí, eolaithe agus Ballstáit ar stoic Bhá na Bioscáine, áirithítear deiseanna cobhsaí iascaireachta lena gcuirtear bonn maith eacnamaíoch ar fáil do phobail chósta sa réigiún sin. Mar sin féin, tá laghdú mór tagtha ar dheiseanna iascaireachta san imchuach farraige sin le haghaidh stoic áirithe le 3 bliana anuas. Tharla an chéad laghdú in 2022 nuair ba ghá an TAC le haghaidh sól i mBá na Bioscáine a ísliú 36 % chun an brú iascaireachta a laghdú agus an stoc a choinneáil i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe. D'aontaigh an Chomhairle leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an laghdú sin. Méadaíodh an TAC ansin faoi 20 % in 2023.

In 2023, bhí ICES in ann comhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe a sholáthar le haghaidh mangach i mBá na Bioscáine agus in uiscí na hIbéire. Ba í an chomhairle a bhí ann na trí TAC a laghdú 53 %, ar ghá a chur chun feidhme go hiomlán (cé nach raibh ann ach laghdú 4 % i gcomparáid leis an gcomhairle roimhe sin ó ICES). Is stoc foghabhála é an mangach faoi phlean ilbhliantúil Uiscí an Iarthair, a gceanglaítear ina leith le hAirteagal 5(3) maidir le 'tachtspeicis' go gcuirfear san áireamh an deacracht a bhaineann leis na stoic uile a iascach ar an uastáirgeacht inbhuanaithe an tráth céanna, go háirithe i gcásanna ina ndúntar an t-iascach measctha roimh am mar thoradh air sin. Ba léir gur ghá an TAC le haghaidh an stoic sin a shocrú i gcomhréir leis an luach uastáirgeachta inbhuanaithe a ndearnadh measúnú air le déanaí nó gur ghá do CETEI meastóireacht ar thachtadh iascaigh a dhéanamh le haghaidh 2024 bunaithe ar na sonraí ábhartha arna gcur isteach ag na Ballstáit sin a mhaígh go mbeadh laghdú mór ar mhangaigh ina chúis le tachtadh iascaigh dá gcabhlaigh. Rinneadh an cinneadh an TAC a laghdú 35 % in 2024 toisc gur dheimhnigh CETEI an baol go mbeadh tachtadh iascaigh ann d'iascaigh níos sláintiúla eile, i gcás inar foghabháil é an mangach nó i gcás ina ngabhtar é in éineacht le stoic níos sláintiúla eile in iascach measctha.

I gcás iascaigh eile i mBá na Bioscáine, bhí ar an gCoimisiún laghduithe móra a mholadh freisin don bhliain iascaireachta 2024 i gcomhréir leis an gcomhairle ó ICES, is iad sin laghdú 41 % le haghaidh faoitíní, laghdú 14 % le haghaidh gliomaigh na hIorua, laghdú 7 % le haghaidh sól agus laghdú 22 % le haghaidh doingin mhara dheisceartacha, chun an t-iascach sin a choinneáil inbhuanaithe agus i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe. D'aontaigh an Chomhairle leis an togra ón gCoimisiún sna cásanna uile.

Rinneadh iascaigh sól agus ghliomaigh na hIorua a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe sna blianta roimhe seo, agus tháinig laghduithe móra ar a TACanna ar iascaigh mangach agus faoitíní - speicis a ndearnadh measúnú nua orthu ar an uastáirgeacht inbhuanaithe. Cheistigh iascairí an raibh tionchar diúltach ag tosca eile lasmuigh den iascaireacht ar na stoic sin agus mhaígh siad go bhfuil na pleananna ilbhliantúla ródhírithe ar sheachadadh gearrthéarmach seachas laghduithe de réir a chéile a chur i bhfeidhm. Ar an ábhar sin, tugann an Coimisiún dá aire gur chuir ICES i dtábhacht ina fhorbhreathnú is déanaí ar an éiceachóras an méadú comhréireach ar bhásmhaireacht nádúrtha i stoic éisc san éiciréigiún, mar gheall ar thosca eile seachas an iascaireacht – ar laghdaíodh a mbrú go leanúnach ó bhí na 1990idí ann – agus gur tosca creachóireachta agus athraithe aeráide iad na tosca eile sin den chuid is mó[19]. Is gnách éagsúlachtaí a bheith ann i méid an stoic agus ina bparaiméadair bhitheolaíocha, rud a fhágann go mbíonn laghduithe nó méaduithe áirithe ar na cuótaí ábhartha.

Aithníonn an Coimisiún na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an earnáil iascaireachta agus ag na páirtithe leasmhara araon chun an brú ar stoic éisc a laghdú agus chun comhairle eolaíoch a leanúint. Ceanglaítear leis na pleananna ilbhliantúla go socrófar TACanna i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe gach bliain agus nach gceadófar leo cur chuige céim ar chéim, rud a

[19] ICES. 2022. Bá na Bioscáine agus éiceachóras Chósta na hIbéire – Forbhreathnú ar an Éiceachóras. Sa Tuarascáil ó Choiste Comhairleach ICES, 2022. Comhairle ICES 2022, Roinn 6.1,https://doi.org/10.17895/ices.advice.21731579

d'fhágfadh go bhféadfaí laghduithe a dhéanamh de réir a chéile ar stoic a bainistíodh go hinbhuanaithe roimhe seo ar leibhéal na huastáirgeachta inbhuanaithe.

3.2 STOIC A BHAINISTÍTEAR I GCOMHPHÁIRT LE STÁIT CHÓSTA SAN ATLANTACH THOIR THUAIDH, AGUS GO HÁIRITHE, LEIS AN RÍOCHT AONTAITHE AGUS LEIS AN IORUA IN IASCACH MEASCTHA

Cé go bhfuil na pleananna ilbhliantúla fós ina mbonn úsáideach chun seasaimh an Aontais a shocrú i gcomhairliúcháin bhliantúla le tíortha nach bhfuil san Aontas maidir le stoic a bhainistítear go comhpháirteach, go háirithe i gcásanna ina n-eisíonn ICES comhairle maidir le gabhálacha nialasacha, tá leibhéal iarbhír an TAC faoi réir comhairliúchán. Mar sin féin, cumhdaítear sa tuarascáil freisin cur i bhfeidhm na bpleananna ilbhliantúla roimh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas.

Maidir leis an gcolmóir, stoc an Tuaiscirt (Mórmhuir na Mara Thuaidh, an Mhuir Cheilteach, agus Bá thuaisceart na Bioscáine), léiríonn forbairt an stoic go bhfuil sé athbhunaithe ó thús na 2000idí agus go bhfuil leathnú tagtha ar dháileadh an stoic freisin, agus é ag éirí níos feiceálaí sa Mhuir Thuaidh ná mar a bhí roimhe seo. Rinneadh an stoc colmóirí a thagarmharcáil in 2022.

Socraítear an TAC, a caibidlíodh leis an Ríocht Aontaithe, trí úsáid a bhaint as raonta phlean ilbhliantúil Uiscí an Iarthair. Socraítear an TAC ar phointe na huastháirgeachta inbhuanaithe. Mar sin féin, bhain an tAontas úsáid as na forálacha faoin bplean ilbhliantúil chun laghduithe a theorannú go 20 % i raon uasta na huastáirgeachta inbhuanaithe i gcásanna inar moladh laghdú níos mó fós in 2022. Tá colmóir an Tuaiscirt mar chuid den chaibidlíocht leis an Iorua freisin.

Is oth le Comhairle Chomhairleach Uiscí an Iarthuaiscirt nár úsáideadh raonta na huastáirgeachta inbhuanaithe chun deiseanna iascaireachta a shocrú le haghaidh Creideann an Coimisiún gur úsáideadh raonta, i gcás inar comhlíonadh na coinníollacha dlíthiúla maidir lena n-úsáid.

Faoin gComhaontú Trádála agus Comhair[20], is féidir leis an Aontas agus leis an Ríocht Aontaithe breithniú a dhéanamh ar straitéisí ilbhliantúla a fhorbairt le haghaidh caomhnú agus bainistiú le chéile, straitéisí a bheadh mar bhonn chun na TACanna agus bearta bainistíochta eile araon a shocrú. Tá na straitéisí sin ina n-ábhar plé leanúnaigh sa Choiste Speisialaithe um Iascach.

3.3 RÉADÚLACHT AN IASCAIGH MHEASCTHA SA MHUIR THUAIDH AGUS IN UISCÍ AN IARTHAIR

Is saintréith de chuid uiscí an Aontais sa Mhuir Thuaidh agus Uiscí an Iarthair é an t-iascach measctha, i gcás ina ndíríonn iascach ar stoic éisc atá luachmhar ó thaobh na tráchtála de agus atá níos sláintiúla amhail gliomach na hIorua sa Kattegat, cadóg sa Mhuir Cheilteach, cadóg in Iarthar na hAlban agus colmóir an Tuaiscirt. Mar sin féin, bíonn foghabhálacha dosheachanta ag an iascach sin de stoic éisc eile a d'fhéadfadh a bheith faoi bhrú i bhfad níos mó uaireanta ná na

[20]An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (IO L 149, 30.4.2021, lch. 10).

spriocstoic níos sláintiúla. Samplaí is ea foghabhálacha dosheachanta trosc agus faoitíní anásta na Mara Ceiltí san iascach cadóg sláintiúil san imchuach farraige sin, deargán anásta mar fhoghabháil den iascach sláintiúil cholmóirí an Tuaiscirt a ghabhtar le báid spiléireachta sa Mhuir Cheilteach agus trosc anásta mar fhoghabháil dhosheachanta ghliomach na hIorua in Kattegat.

Níl iontu seo ach roinnt samplaí a léiríonn réadúlacht an iascaigh mheasctha in uiscí na hEorpa. I dtimpeallacht iascach measctha den sórt sin, tá feidhm ag Airteagail 4 agus 5 de phleananna ilbhliantúla na Mara Thuaidh agus Uiscí an Iarthair maidir le 'tachtspeiceas' agus déantar foráil iontu maidir leis an ngá atá ann an deacracht a bhaineann le hiascaireacht a dhéanamh ar na stoic uile a chur san áireamh ar an uastáirgeacht inbhuanaithe an tráth céanna. Mar sin féin, ní mór bearta a dhéanamh chun foghabhálacha dosheachanta a laghdú a mhéid is féidir. Trí bhearta sonracha a chur san áireamh chun foghabhálacha den sórt sin a laghdú, chuidigh na pleananna ilbhliantúla leis an gcuspóir sin a bhaint amach (féach na samplaí thíos).

Aithníonn Grúpa Bhallstáit Uiscí an Iarthuaiscirt gur baineadh tairbhe as plean ilbhliantúil na Mara Thuaidh chun tachtadh iascaigh a sheachaint trí iascach measctha a bhainistiú.

Tugtar roinnt samplaí nithiúla thíos maidir leis an gcaoi ar bainistíodh iascach measctha le haghaidh imchuacha farraige éagsúla.

3.3.1 KATTEGAT

Sna samplaí de bhearta faoi phlean ilbhliantúil na Mara Thuaidh chun stoic áirithe in Kattegat a chosaint, tá an moladh an TAC le haghaidh ghliomach na hIorua in Skagerrak agus Kattegat a shocrú i raon íosta na huastáirgeachta inbhuanaithe, i gcomhréir le hAirteagal 4(4) de phlean ilbhliantúil na Mara Thuaidh chun foghabhálacha dosheachanta trosc Kattegat in iascach ghliomach na hIorua a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Níor chomhaontaigh an Chomhairle leis na tograí ón gCoimisiún go dtí 2020, 2022 agus 2024. Mar sin féin, shocraigh sé an TAC sa raon íosta uastáirgeachta inbhuanaithe sna blianta uile eile chomh maith.

Tá bearta ceartaitheacha le haghaidh throisc Kattegat i bhfeidhm freisin ó bhí 2020 ann. Áirítear orthu trealaimh níos roghnaíche a thabhairt isteach le haghaidh tráil ghrinnill, nach gceadaítear iascaireacht a dhéanamh ar ghliomach na hIorua ach le greille Seltra nó le greille na Sualainne amháin, mar aon le huasliúntas foghabhála teoranta 1.5 % trosc. Ina theannta sin, chun soithí a spreagadh chun cianfhaireachán leictreonach a úsáid chun faireachán éifeachtach a dhéanamh ar chomhlíonadh na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír, féadfaidh soithí an Aontais atá rannpháirteach i dtionscadal Ballstáit le haghaidh iascaigh atá doiciméadaithe go hiomlán, ina ionad sin, trealamh a úsáid i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Bearta Teicniúla.

Is é an tairbhe a bhaineann leis na bearta sin go rabhthas in ann leanúint den iascaireacht spriocdhírithe ar ghliomaigh na hIorua, agus gur cuireadh bearta i bhfeidhm maidir le troisc a fhoghabhtar. I ndáil leis sin, ní féidir le ICES meastachán a dhéanamh ar chion na básmhaireachta atá nasctha le hiascaireacht (agus ní iascaireacht nádúrtha, dá bhrí sin), ná imirce chuig an Muir Thuaidh tar éis Kattegat a úsáid mar iasclann). Tagraíonn comhairle agus seirbhís theicniúil ICES freisin don ghá atá le trealamh níos roghnaí a úsáid.

3.3.2 SAMPLAÍ DEN MHUIR CHEILTEACH

Sna bearta i bplean ilbhliantúil Uiscí an Iarthair chun stoic foghabhála sa Mhuir Cheilteach a chosaint, tá an TAC le haghaidh cadóg a mholadh i raon íosta na huastáirgeachta inbhuanaithe bunaithe ar Airteagal 4(3) de phlean Ilbhliantúil Uiscí an Iarthair, chun foghabhálacha dosheachanta trosc agus faoitíní san iascach cadóg a choinneáil chomh híseal agus is féidir, ar spriocstoic iad araon faoi Phlean Ilbhliantúil Uiscí an Iarthair. D'aontaigh an Chomhairle leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh 2020, an bhliain dheireanach roimh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas. Le haghaidh 2021, shocraigh an Chomhairle TACanna sealadacha agus ansin thángthas ar chomhaontú ina dhiaidh sin maidir le TACanna leis an Ríocht Aontaithe sa dara leath de 2021. Ó bhí 2021 ann, rinneadh na stoic sin a chaibidliú faoi na comhairliúcháin idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.

Mhol an Coimisiún bearta feabhais breise le haghaidh trosc agus faoitíní sa Mhuir Cheilteach, ar spriocstoic iad araon faoi phlean ilbhliantúil Uiscí an Iarthair, le haghaidh 2020 faoin Rialachán maidir le Deiseanna Iascaireachta bunaithe ar Airteagal 8 de phlean ilbhliantúil Uiscí an Iarthair. Áirítear orthu sin bearta teicniúla atá nasctha go dlúth agus cuóta foghabhála le haghaidh trosc sa Mhuir Cheilteach ar leibhéal a thabharfadh cosaint do stoic foghabhála, agus a ligfeadh fós don sprioc-iascach ar chadóga leanúint ar aghaidh. Maidir le TAC, mhol an Coimisiún laghdú -88 % i gcomhréir le pointe na huastáirgeachta inbhuanaithe agus le riail chomhairle ICES. Ós rud é go mbeadh TAC íseal 189 dtona ann do throsc, a mbeadh iascach éisc ghil eile tachta aige sa Mhuir Cheilteach, chinn an Chomhairle gan an togra ón gCoimisiún maidir le TAC a leanúint agus ina ionad sin TAC a shocrú ag 805 thona chun cás luath tachta in iascach éisc ghil eile sa Mhuir Cheilteach a sheachaint. Leis an TAC sin, bhíothas fós in ann méadú suntasach a dhéanamh ar an mbithmhais. Thug an Chomhairle modhanna iascaireachta níos roghnaí isteach freisin le haghaidh iascaigh gheala sa Mhuir Cheilteach a bhfuil dlúthbhaint acu leis an Rialachán maidir le Deiseanna Iascaireachta le haghaidh 2020. Gan na bearta sin atá nasctha go dlúth, ba ghá an TAC a bheith níos ísle. Cuireadh gníomh tarmligthe in ionad na mbeart sa Rialachán sin ina dhiaidh sin[21] bunaithe ar mholadh comhpháirteach ó Ghrúpa Bhallstáit Uiscí an Iarthuaiscirt a glacadh in 2020, ina bhfuil modhanna iascaireachta níos roghnaithí eile.

Sampla eile sa Mhuir Cheilteach is ea deargáin, ar foghabháil dhosheachanta é in iascach cholmóirí an Tuaiscirt a ghabhtar le spiléir. Mhol ICES gabhálacha nialasacha don stoc sin, ós rud é gur

[21]Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2324 ón gCoimisiún an 23 Lúnasa 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta teicniúla d'iascaigh ghrinnill agus pheiligeacha áirithe sa Mhuir Cheilteach, i Muir Éireann agus in Iarthar na hAlban (IO L 465, 29.12.2021, lch. 1).

Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2588 ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta teicniúla le haghaidh iascaigh ghrinnill agus pheiligeacha áirithe sa Mhuir Cheilteach, i Muir Éireann agus in Iarthar na hAlban (IO L 338, 30.12.2022, lch. 44).

Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/492 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le bearta teicniúla le haghaidh iascaigh ghrinnill agus pheiligeacha áirithe sa Mhuir Cheilteach, i Muir Éireann agus in Iarthar na hAlban (IO L, 2024/492, 13.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/492/oj)

mheas siad go raibh sé ídithe[22]. Mar sin féin, chiallódh sé sin go mbeadh tachtadh iascaigh ann d'iascach cholmóirí an Tuaiscirt. Dá bhrí sin, socraíodh TAC íseal le haghaidh 2023 agus 2024 go heisiach le haghaidh foghabhálacha chun iascach ar cholmóirí an Tuaiscirt a choinneáil ar oscailt san imchuach farraige sin agus chun deargáin foghabhála a chosaint a mhéid is féidir. Thairis sin, tháinig Grúpa Bhallstáit Uiscí an Iarthuaiscirt ar chomhaontú maidir le moladh comhpháirteach chun íosmhéideanna tagartha caomhnaithe a chur chun feidhme le haghaidh deargán a ghabhtar in iascach tráchtála agus áineasa agus i limistéir dhúnta chun cosaint níos fearr a thabhairt do dheargáin sceite agus do dheargáin óga. Bunaithe ar an moladh comhpháirteach sin, ghlac an Coimisiún beart teicniúil i bhfoirm gníomh tarmligthe le haghaidh 2023, ar cuireadh síneadh leis go dtí 2024[23].

Cháin eagraíocht tionscail amháin (CNPMEM) an plean ilbhliantúil mar go bhfuil sé ródhocht i dtaca le liosta na spriocstoc agus dúirt sí nach bhfuil aon chritéir shoiléire ann maidir le cad is spriocstoc ann.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur mhol an Coimisiún sa phlé ar na pleananna ilbhliantúla go dtarmligfeadh na comhreachtóirí cumhachtaí chuig an gCoimisiún chun liostaí na spriocstoc a leasú. Mar sin féin, níor aontaigh na comhreachtóirí leis an togra ón gCoimisiún, agus chinn siad a gcumhacht a choinneáil chun liosta na spriocstoc a leasú.

3.4 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCás C-330/22

Sa bhreithiúnas uaithi an 11 Eanáir 2024[24], dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Chúirt) bailíocht an Rialacháin maidir le Deiseanna Iascaireachta le haghaidh 2020,[25] a mhéid a shocraítear leis ceithre TAC go heisiach le haghaidh foghabhálacha dosheachanta os cionn na comhairle ó ICES ina moltar gabhálacha nialasacha. Chinn an Chúirt go raibh corrlach lánroghnach ag an gComhairle na TACanna sin a shocrú do stoic foghabhála níos airde ná na leibhéil a moladh go heolaíoch chun réiteach a dhéanamh idir an cuspóir leanúint d'iascach measctha agus stádas maith bitheolaíoch a bhaint amach do na stoic lena mbaineann. An tráth céanna, rialaigh an Chúirt, i gcás stoic a liostaítear mar 'sprioc' faoi na pleananna ilbhliantúla, go bhfuil feidhm go docht agus gan eisceacht ag an oibleagáid MSY a bhaint amach agus a choinneáil ar bun tar éis 2020.

---

[22] ICES. 2022. An deargán (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéir 6-8 (An Mhuir Cheilteach, Muir nIocht, agus Bá na Bioscáine). Sa Tuarascáil ó Choiste Comhairleach ICES, 2022. Comhairle ICES 2022, https://doi.org/10.17895/ices.advice.19453802..

[23] Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/56 ón gCoimisiún an 19 Iúil 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta teicniúla sonracha le haghaidh deargán (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéir 6 go 8 ICES (IO L 5, 6.1.2023, lch. 1).

Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/491 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le bearta teicniúla sonracha le haghaidh deargán (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéir 6 go 8 ICES (IO L 2024/491, 13.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/491/oj.

[24]Breithiúnas an 11 Eanáir 2024, *Friends of the Irish Environment (Possibilités de pêche supérieures à zéro)*, C-330/22, EU:C:2024:19.

[25] Rialachán (AE) 2020/123 ón gComhairle an 27 Eanáir 2020 lena socraítear le haghaidh 2020 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 25, 30.1.2020, lch. 1).

4 CUR CHUIGE BUNAITHE AR ÉICEACHÓRAIS

Luaitear in Airteagal 2(3) den Bhunrialachán nach mór do CBI an cur chuige bunaithe ar éiceachórais i leith bainistiú iascaigh a chur chun feidhme chun tionchair dhiúltacha gníomhaíochtaí iascaireachta ar éiceachóras na mara a laghdú. Foráiltear le hAirteagal 3(3) de na pleananna ilbhliantúla nach mór do na pleananna ilbhliantúla a bheith comhleanúnach le dlí comhshaoil an Aontais agus go háirithe leis an gcuspóir dea-stádas comhshaoil a bhaint amach faoi 2020 mar a cheanglaítear leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí[26]. Soláthraítear 11 thuairisceoir cháilíochtúla leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí chun dea-stádas comhshaoil a chinneadh. Is é is aidhm do na pleananna ilbhliantúla a áirithiú go gcomhlíonfar coinníollacha thuairisceoir 3 (mar an ceann is ábhartha do bhainistiú iascaigh) agus rannchuidiú leis na tuairisceoirí ábhartha eile a chomhlíonadh i gcomhréir leis an ról coibhneasta atá ag iascach.

Tá baint dhíreach ag tuairisceoir 3 le deiseanna iascaireachta a shocrú. Luaitear ann '*go bhfuil daonra na n-iasc agus an tsliogéisc uile a shaothraítear ar bhonn tráchtála laistigh de theorainneacha bitheolaíocha sábháilte, lena dtaispeántar dáileadh aoise agus méide daonra ar léiriú é ar stoc sláintiúil.*' Bíonn tionchar ag gníomhaíochtaí iascaireachta ar na tuairisceoirí a bhaineann leis an méid seo a leanas: (1) éagsúlacht bhitheolaíoch; (4) an bia-eangach; (6) – sláine ghrinneall na farraige; agus (10) bruscar muirí. Sa chás is fearr, is go hindíreach agus/nó i mbealach nach bhfuil substaintiúil a rannchuidíonn an iascaireacht leis na tuairisceoirí eile[27].

Tugann ICES le fios go bhfuil laghdú leanúnach tagtha ar bhásmhaireacht iascaireachta ó bhí na 1990idí ann agus go bhfuil sí faoi bhun an F_{MSY}[28]ar an meán anois.

D'fhéadfadh iascach speicis atá faoi chosaint a ghabháil, amhail éin mhara agus mamaigh mhuirí[29]. Le hathchóiriú CBI 2013 cuireadh bealaí nua ar fáil do na páirtithe leasmhara agus do na Ballstáit i réigiún ar leith chun oibriú le chéile chun teacht ar chomhaontú maidir le bearta saincheaptha dá n-imchuacha farraige.

5 OIBLEAGÁID GABHÁLACHA A THABHAIRT I DTÍR

Príomhchuspóir de chuid CBI athchóirithe (2013) is ea an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur chun feidhme agus deireadh a chur de réir a chéile le hábhar muirí aischurtha trí ghabhálacha

[26] Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht chomhphobail i réimse an bheartais chomhshaoil mhuirí (IO 164, 25.6.2008, lch. 19).

[27] Is iad seo a leanas na tuairisceoirí eile: (2) speicis neamhdhúchasacha a thabhairt isteach; (5) eotrófú de dhéanamh an duine; (7) dálaí hidreagrafacha; (8) leibhéal na n-éilleán san fharraige; (9) leibhéal na n-éilleán in iasc agus i mbia mara; (11) fuinneamh a thabhairt isteach lena n-áirítear torann faoi uisce.

[28] ICES. 2022. Bá na Bioscáine agus éiciréigiún Chósta na hIbéire – Forbhreathnú ar an Iascach. Sa Tuarascáil ó Choiste Comhairleach ICES, 2022. Comhairle ICES 2022, Roinn 6.2. https://doi.org/10.17895/ices.advice.21641396.

[29] ICES. 2022. Bá na Bioscáine agus éiceachóras Chósta na hIbéire – Forbhreathnú ar an Éiceachóras. Sa Tuarascáil ó Choiste Comhairleach ICES, 2022. Comhairle ICES 2022, Roinn 6.1, https://doi.org/10.17895/ices.advice.21731579.

de thaisme a sheachaint agus a laghdú. Tá feidhm ag an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír maidir le speicis atá á mbainistiú ag TAC, atá i bhfeidhm ó mhí Eanáir 2019.

Maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, thuairiscigh na páirtithe leasmhara a d'fhreagair an comhairliúchán, cé go bhfuil fianaise ann maidir le laghdú ar ábhar muirí aischurtha, nár chomhlíon an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a cuspóir, agus gurb é an príomhdhúshlán atá ann fós an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a dhéanamh inoibrithe faoin gcreat dlíthiúil agus athrú ar phatrúin iascaireachta i dtreo tuilleadh roghnaíochta a spreagadh an tráth céanna. D'ainneoin an mhéid sin, tá iarrachtaí suntasacha déanta ag earnáil an iascaigh ó tugadh isteach an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír chun an beartas sin a thuiscint agus a chur chun feidhme agus chun dul i dteagmháil go gníomhach le hinstitiúidí taighde chun bealaí a fhorbairt chun gabhálacha de thaisme a sheachaint agus a laghdú, agus chun feabhas a chur a n-eolas ginearálta ar na speicis sin (lena n-áirítear inmharthanacht).

Mar fhocal dearfach, deimhníonn na páirtithe leasmhara gur spreag an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír taighde eolaíoch chun trealamh agus patrúin iascaireachta níos roghnaí a fhorbairt. Mar sin féin, i gcás an iascaigh grinnill mheasctha, creideann na páirtithe leasmhara go mbeidh teorainn leis an méid roghnaíochta.

Measann an Coimisiún gur saincheist rialaithe agus forfheidhmithe í fadhb leanúnach na n-ábhar muirí aischurtha nach mór aghaidh a thabhairt uirthi laistigh de chóras rialaithe iascaigh an Aontais. Níor ceapadh na pleananna ilbhliantúla chun an fhadhb sin a réiteach.

6 COMHAR RÉIGIÚNACH

Tá an comhar réigiúnach ar cheann de shraitheanna lárnacha CBI. Is é is príomhaidhm dó na difríochtaí idir na himchuacha farraige éagsúla a chur san áireamh ar bhealach níos fearr agus páirtithe leasmhara a chomhtháthú níos mó i mbainistiú iascaigh, agus leas á bhaint as a gcuid eolais agus taithí. I ndeireadh na dála, beidh tuiscint níos fearr ar úinéireacht chomhroinnte agus tiomantas do chomhlíonadh na mbeart mar thoradh ar rannpháirtíocht níos dírí ó na páirtithe leasmhara i gceapadh agus i gcur chun feidhme na mbeart bainistíochta. Trí chomhar réigiúnach, is féidir leis na páirtithe leasmhara a bhfuil leas díreach bainistíochta acu tacú le glacadh beart caomhnúcháin, amhail pleananna ilbhliantúla agus pleananna maidir le hábhar muirí aischurtha. Baintear é sin amach den chuid is mó trí chomhairlí comhairleacha agus trí ghrúpaí na mBallstát.

Thug an comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara aiseolas úsáideach ar an gcaoi a n-oibríonn comhar réigiúnach faoi na Pleananna Ilbhliantúla sa chleachtas. Léirigh sé an tuairim choiteann go soláthraítear leis na Pleananna Ilbhliantúla an creat dlíthiúil is gá chun comhar réigiúnach a chumasú. Mar shampla, bhí dearcadh dearfach ag Comhairle Chomhairleach Uiscí an Iarthuaiscirt agus ag comhaltaí CETEI maidir leis an gcomhar méadaitheach i measc na bpáirtithe leasmhara ábhartha[30]. Le himeacht ama, soláthraíodh leis na moltaí comhpháirteacha níos mó fianaise

[30] Thug beirt Chomhaltaí de CETEI freagra ar an gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara.

theicniúil agus eolas praiticiúil de réir a chéile, chomh maith le bearta saincheaptha imchuach farraige. D'fhéadfadh grúpaí réigiúnacha na mBallstát tairbhiú freisin de rannpháirtíocht níos mó ó na páirtithe leasmhara agus ó na heolaithe. Ar an gcaoi sin, leis an gComhshocrú Iascaigh agus Aigéan a fógraíodh i dtuarascáil CBI in 2024,[31] iarrtar ar na Ballstáit dul chun cinn a dhéanamh maidir le rialachas CBI ar mhaithe leis na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann agus leis an tsochaí i gcoitinne.

7 FORBAIRT SHOCHEACNAMAÍOCH

7.1 AN MHUIR THUAIDH

Bunaithe ar thuarascáil eacnamaíoch bhliantúil CETEI 2023 i dtaca le cabhlach iascaireachta an Aontais,[32] níl aon chabhlach de chuid na mBallstát ag brath go hiomlán ar an réigiún dá ghníomhaíocht iascaireachta. Bunaithe ar luach na ngabhálacha a thugtar i dtír, is réigiún tábhachtach iascaireachta í an Mhuir Thuaidh agus an tAtlantach Thoir don Danmhairg (86 % de na gabhálacha iomlána a thugtar i dtír), don Ísiltír (83 %), don Ghearmáin (61 %), don tSualainn (70 %) agus don Bheilg (32 %).

7.2 UISCÍ AN IARTHUAISCIRT

De réir thuarascáil CETEI, bunaithe ar luach na ngabhálacha a thugtar i dtír, is ag iascach na Fraince agus na hÉireann atá an leibhéal is airde gabhálacha in Uiscí an Iarthuaiscirt. Mar sin féin, tá an céatadán iomlán is airde de ghabhálacha náisiúnta a thugtar i dtír ag Éirinn ón réigiún ag 90 %, rud a léiríonn go bhfuil siad ag brath go mór ar an limistéar sin (déantar 97 % de na laethanta ar muir sna huiscí sin). Tá an Bheilg (54 %) agus an Fhrainc (29 %) ag brath go mór ar an limistéar freisin ó thaobh laethanta ar muir de. Cé go bhfuil Éire agus an Bheilg an-spleách, is iad an Fhrainc agus Éire a dhéanann an sciar is airde den iascaireacht.

7.3 UISCÍ AN IARDHEISCIRT

De réir thuarascáil CETEI, ba iad cabhlaigh na Spáinne, na Fraince agus na Portaingéile na príomhchabhlaigh a bhí ag feidhmiú sa réigiún. Seachas iad sin, bhí sé chabhlach eile de chuid an Aontais ag oibriú sa réigiún in 2021: an Bheilg, an Ghearmáin, an Danmhairg, Éire, an Liotuáin agus an Ísiltír, ach bhí a ngníomhaíocht iascaireachta sa réigiún teoranta (ba é 0.16 % sciar iomlán iarrachta na mBallstát sin agus ba é 1.12 % luach na ngabhálacha agus 2.23 % meáchan iomláin

[31] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Iascaireacht inbhuanaithe san Aontas Eorpach: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2025 (COM/2024/235 final).

[32] An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) - Tuarascáil Eacnamaíoch Bhliantúil 2023 maidir le Cabhlach Iascaireachta an Aontais (CETEI 23-07), Prellezo, R., Sabatella, E., Virtanen, J., Tardy Martorell, M. agus Guillen, eagarthóir(í), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2023, https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC135182.

na réigiún). Bunaithe ar luach na ngabhálacha a tugadh i dtír, ba í an Spáinn is mó a tháirg ón réigiún, agus ón bPortaingéil agus ón bhFrainc ina dhiaidh sin. Is ag an Spáinn atá an céatadán iomlán is airde de mheáchan náisiúnta a thugtar i dtír ón réigiún (51 %), agus ina dhiaidh sin tá an Phortaingéil (32 %) agus an Fhrainc (15 %). Is í an Phortaingéil an tír is mó a bhraitheann ar na huiscí sin: Is in Uiscí an Iardheiscirt a bhíonn 98 % d'iarracht chabhlach na Portaingéile, rud a tháirgeann 85 % agus 82 % de luach agus meáchan iomlán na ngabhálacha, faoi seach.

8 TARMLIGEAN NA GCUMHACHTAÍ ARNA DTABHAIRT DON CHOIMISIÚN LE PLEANANNA ILBHLIANTÚLA NA MARA THUAIDH AGUS UISCÍ AN IARTHAIR AGUS LEIS AN RIALACHÁN MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN DOMHAINFHARRAIGE

Le Pleananna Ilbhliantúla na Mara Thuaidh agus Uiscí an Iarthair, tarmligtear chuig an gCoimisiún an chumhacht chun rialacháin tharmligthe a ghlacadh maidir le stoic a chumhdaítear leis na pleananna ilbhliantúla tar éis athruithe ar dháileadh geografach na stoc (Airteagal 1(1) de phleananna ilbhliantúla na Mara Thuaidh agus Uiscí an Iarthair), bearta feabhais (Airteagal 8 de na pleananna ilbhliantúla), bearta teicniúla (Airteagal 9 de na pleananna ilbhliantúla), cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír (Airteagal 11 de phlean ilbhliantúil na Mara Thuaidh agus Airteagal 13 de phlean ilbhliantúil Uiscí an Iarthair), agus teorainneacha maidir le hacmhainneacht iomlán chabhlaigh na mBallstát lena mbaineann (Airteagal 14(2) de Phlean Ilbhliantúil Uiscí an Iarthair).

Go dtí seo, níor bhain an Coimisiún úsáid as na cumhachtaí sin riamh, ach amháin chun an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur chun feidhme. Maidir le bearta teicniúla, tá an cumhachtú níos sonraí a leagtar síos in Airteagal 15 den Rialachán maidir le Bearta Teicniúla curtha in ionad an chumhachtaithe ó bhí 2019 ann. Maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír, ghlac an Coimisiún ocht rialachán tarmligthe faoi phlean ilbhliantúil na Mara Thuaidh agus naoi rialachán faoi phlean ilbhliantúil Uiscí an Iarthair.

Leis an Rialachán maidir le Rochtain ar an Domhainfharraige (Airteagal 9(7)), tarmligtear chuig an gCoimisiún an chumhacht chun liosta na speiceas táscach d'éiceachórais leochaileacha mhuirí a leasú. Mar sin féin, níor bhain an Coimisiún úsáid riamh as an gcumhachtú sin go dtí seo.

9 GLUAIS

CC: Comhairle Chomhairleach

CBI: An comhbheartas iascaigh

CNPMEM: Coiste Náisiúnta na Fraince um Iascach Muirí agus Dobharshaothrú

FMSY: Básmhaireacht iascaireachta atá comhsheasmhach leis an uastáirgeacht inbhuanaithe

ICES: An Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara

MSG: Grúpa na mBallstát

MAP: Plean ilbhliantúil

MSY: Uastáirgeacht inbhuanaithe

NWW: Uiscí an Iarthuaiscirt

NWWAC: Comhairle Chomhairleach Uiscí an Iarthuaiscirt

SSB: Bithmhais stoic sceite

CETEI: An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach

SWW: Uiscí an Iardheiscirt

SWWAC: Comhairle Chomhairleach Uiscí an Iardheiscirt

TAC: Gabháil iomlán incheadaithe